CINNEADH (CBES) 2022/2351 ÓN GCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 29 Samhain 2022

maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun cur le hoiliúint Fhórsaí Armtha Mhailí (EUTM Mali), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/657 (EUTM Mali/2/2022)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/34/CBES ón gComhairle an 17 Eanáir 2013 maidir le misean míleata an Aontais Eorpaigh chun cur le hoiliúint Fhórsaí Armtha Mhailí (EUTM Mali) ([1]), agus go háirithe Airteagal 5 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh 2013/34/CBES, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála cinntí a ghlacadh maidir le rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach EUTM Mali, lena n-áirítear cinntí maidir le Ceannasaithe Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ina dhiaidh sin ar EUTM Mali.

(2) An 12 Aibreán 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/657 ([2]), lena gceaptar an Briogáidire-Ghinearál Radek HASALA mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Mali.

(3) An 17 Deireadh Fómhair 2022, mhol an Ceannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh go gceapfaí an Coirnéal Santiago FERNÁNDEZ ORTIZ-REPISO chun teacht i gcomharbas ar an mBriogáidire-Ghinearál Radek HASALA mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Mali. Chuir údaráis na Spáinne in iúl go ndéanfaí Briogáidire-Ghinearál den Choirnéal Santiago FERNÁNDEZ ORTIZ-REPISO sula gceapfar é mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Mali.

(4) An 25 Deireadh Fómhair 2022, chomhaontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh a mholadh go gceapfaí an Coirnéal Santiago FERNÁNDEZ ORTIZ-REPISO chun teacht i gcomharbas ar an mBriogáidire-Ghinearál Radek HASALA ó lár mhí na Nollag 2022.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBriogáidire-Ghinearál Santiago FERNÁNDEZ ORTIZ-REPISO a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Mali ón 15 Nollaig 2022.

(6) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2022/657 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar leis seo an Briogáidire-Ghinearál Santiago FERNÁNDEZ ORTIZ-REPISO mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint Fhórsaí Armtha Mhailí (EUTM Mali) ón 15 Nollaig 2022.

Airteagal 2

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2022/657 a aisghairm.

([1]) IO L 14, 18.1.2013, lch. 19.

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/657 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 12 Aibreán 2022 maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun cur le hoiliúint Fhórsaí Armtha Mhailí (EUTM Mali), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/2209 (EUTM Mali/1/2022) (IO L 119, 21.4.2022, lch. 108).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 15 Nollaig 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Samhain 2022.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach